BROLLACH

Tá an Plean Straitéise seo á fhoilsiú ag tráth a bhfuil athrú mór ag teacht ar sholáthar oideachas speisialta in Éirinn agus an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (Acht EPSEN) á chur i bhfeidhm de réir a chéile.

Léirítear, leis an bplean, feidhmeanna na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta arna mbunú faoin Acht agus leagtar amach príomhthosaíochtaí na Comhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar an gclár oibre i ndáil leis an athrú mór atá beartaithe ag Acht EPSEN. Éilítear, le feidhmiú Acht EPSEN agus le bunú an choincheapa maidir le hoideachas uilechuimsitheach, agus sraith de chearta reachtúla mar thaca leis, go léireodh an iliomad geallsealbhóir a dhéanann fís agus gníomhartha praiticiúla an Achta a sheachadadh tiomantas comhordaithe agus inbhuanaithe. Cé go leagtar amach, leis an bplean sin, príomhthosaíochtaí agus príomhchuspóirí na Comhairle chomh maith leis an bplean gnímh chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ní mór gur cur chuige comhoibritheach a bheadh ag an uile dhuine a leagann amach seirbhísí do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus ag an uile dhuine a thacaíonn leis na seirbhísí sin agus a dhéanann iad a sheachadadh.

Tá an plean seo dírithe go mór ar thacaíochtaí oideachais cuí a sholáthar agus ar thorthaí oideachais níos fearr a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus do leanaí go háirithe. Is dá réir sin a bheifear á mheas.

Má dhéantar na tosaíochtaí atá leagtha amach sa ráiteas seo a sheachadadh, cinnteofar go gcuirfear oideachas cuí ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go ndéanfar sin i dtimpeallacht uilechuimsitheach agus cinnteofar go mbainfidh siad torthaí amach de réir an chumais atá iontu.

Sydney Blain

CAIBIDIL 1

RÉAMHRÁ

Is mór ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an chéad Ráiteas Straitéise dá cuid a fhoilsiú don tréimhse 2008-2011. D'fhorbair comhaltaí den Chomhairle an Ráiteas i gcomhar leis an bhFeidhmeannas d'fhonn cuspóirí lárnacha, príomhréimsí torthaí agus príomhbhearta torthaí a aithint i gcás na ceithre bliana atá romhainn. Léirítear le hábhar agus le cur chuige an phlean straitéise sin, plean a mhairfidh ceithre bliana, ár ndualgais agus ár bhfreagrachtaí faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN), 2004 agus is ráiteas é ar na freagrachtaí sin. Toisc gur comhlacht nua é an NCSE, comhlacht atá ag teacht chun cinn, dúshlán ab ea é ár dtosaíochtaí straitéise a aithint. D'fhorbraíomar na tosaíochtaí sin ar aon dul leis an obair atá déanta againn ar Thuarascáil Feidhmiúcháin don Aire Oideachais agus Eolaíochta, tuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Aire i nDeireadh Fómhair 2006. Agus sinn ag forbairt an Ráitis Straitéise seo, is amhlaidh a bhíomar ag tarraingt as an eolas a d'eascair as an gcomhchomhairle a bhí ar siúl againn le linn dúinn a bheith ag ullmhú don Tuarascáil Feidhmiúcháin. Táimid cinnte go gcuideoidh na cuspóirí ardleibhéil a aithnítear sa doiciméad seo go mór linn an bhunaidhm atá againn a bhaint amach, mar a gcuideoidh ár bplean feidhmithe, plean a mhairfidh cúig bliana; is é sin oideachas uilechuimsitheach, arna leagan amach in Act EPSEN, 2004:

"...having regard to the common good and in a manner that is informed by best international practice, the education of people with special educational needs shall, wherever possible, take place in an inclusive environment." (Níl aon tiontú oifigiúil ar fáil go fóill)

Is mar chomhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an chéad lá, le hordú ón Aire Oideachais agus Eolaíochta i Nollaig 2003. Bunaíodh an Chomhairle chun feabhas a chur ar sheachadadh sheirbhísí oideachais do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de dheasca míchumais agus béim ar leith ar leanaí. Seo a leanas an sainmhíniú a thugtar san Acht ar riachtanais speisialta oideachais:

"a restriction in the capacity of the person to participate in and benefit from education on account of an enduring physical, sensory, mental health or learning disability or any other condition which results in a person learning differently from a person without that condition." (Níl aon tiontú oifigiúil ar fáil go fóill)

Bunaíodh an Chomhairle go foirmiúil faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (Acht EPSEN) le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2005. Leagtar

RÉAMHRÁ

amach, leis an Acht sin, feidhmeanna ginearálta na Comhairle agus a cuid feidhmeanna sonracha maidir le forálacha an Achta.

Seo a leanas achoimre ar fheidhmeanna ginearálta na Comhairle, arna leagan amach in Alt 20 d'Acht EPSEN:

- Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a phleanáil agus a chomhordú
- Eolas a scaipeadh maidir leis an gcleachtas is fearr i ndáil le hoideachas a chur ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le teidlíochtaí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Acmhainní a bhíonn ag teastáil ó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mheas agus a athbhreithniú
- A chinntiú go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dhul chun cinn mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Soláthar oideachais do dhaoine fásta faoi mhíchumas a athbhreithniú
- Comhairle a chur ar institiúidí oideachais maidir leis an gcleachtas is fearr
- Dul i gcomhairle le comhlachtaí saorálacha
- Comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta i ndáil le hábhair a bhaineann le hoideachas speisialta
- Dul i mbun taighde agus fionnachtana a fhoilsiú

Tá feidhmeanna sonracha ag an gComhairle maidir le príomhfhorálacha an Achta lena n-áirítear meastóireacht agus pleananna oideachais aonair.

Chomh maith lena feidhmeanna faoin Acht, tá feidhmeanna sonracha agus mórfheidhmeanna ag an gComhairle maidir le múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a leithroinnt ar scoileanna chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá sé de cheanglas ar an gComhairle, agus a cuid feidhmeanna á comhlíonadh aici faoin Acht, dul i gcomhairle, go díreach, le geallsealbhóirí de réir mar is gá agus Fóram náisiúnta Comhchomhairle foirmiúil a bhunú, fóram ina léireofaí tuairimí na ngeallsealbhóirí go léir.

RÉAMHRÁ

Oibríochtaí Reatha

Leithroinneann an Chomhairle acmhainní teagaisc breise agus acmhainní breise eile a bhíonn ar fáil chun tacú le riachtanais speisialta oideachais leanaí faoi mhíchumas. Ghabh sí chuici an fheidhm seo in Eanáir 2005, feidhm a bhí ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta roimhe sin. Tá Eagraitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta (SENOanna) ag plé, anois, le gach iarratas ar thacaíocht bhreise a thagann ó scoileanna i ndáil le teagasc agus le Cúntóirí Riachtanas Speisialta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuireann na SENOanna an cinneadh in iúl go díreach do na scoileanna agus míníonn siad do scoileanna agus do thuismitheoirí araon, de réir mar is gá, conas ar thángthas ar an gcinneadh sin.

Seo a leanas na feidhmeanna a mbíonn na SENOanna ag plé leo maidir le leithroinnt acmhainní;

- Gach iarratas ar thacaíocht mhúinteoirí acmhainne a thagann ó scoileanna i ndáil le leanaí le míchumais nach bhfeictear go minic lena n-áirítear míchumais foghlama ghinearálta mheasartha, mallachar radhairc nó lagú éisteachta, míchumas coirp nó uathachas a phróiseáil, agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal tacaíochta a bheadh oiriúnach don scoil
- Gach iarratas ar thacaíocht mhúinteoirí acmhainne a thagann ó scoileanna dara-leibhéil i ndáil le leanaí le míchumais a fheictear go minic lena n-áirítear míchumas foghlama ginearálta éadrom a phróiseáil, agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal tacaíochta a bheadh oiriúnach don scoil
- Gach iarratas a thagann ó scoileanna a phróiseáil agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal tacaíochta cuí i ndáil le cúntóirí riachtanas speisialta do leanaí faoi mhíchumas
- Gach iarratas ar threalamh speisialta/theicneolaíocht chuiditheach a thagann ó scoileanna a scrúdú
- Iarratais a thagann ó scoileanna ar shocruithe iompair do leanaí faoi mhíchumas a scrúdú agus moltaí a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Cuidiú le tuismitheoirí an t-ionad oideachais is oiriúnaí a aithint i gcás leanaí aonair a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu maidir le réimse ceisteanna lena n-áirítear socrúcháin, tacaíochtaí a bhíonn ar fáil, ionaid oideachais chuí
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le soláthróirí seirbhísí

RÉAMHRÁ

chun go ndéanfaí na seirbhísí éagsúla a thacaíonn le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chomhordú, chomh mór agus is féidir

Neamhspleáchas Oibríochta

Beidh cineálacha éagsúla neamhspleáchais ag an gComhairle agus a cuid feidhmeanna á bhfeidhmiú. Tá ceanglas ar an gComhairle feidhmiú laistigh de pharaméadair an pholasaí, arna n-eisiúint ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an polasaí reatha á chur i bhfeidhm. Ní mór, go háirithe, cloí le forálacha maidir leis an leibhéal tacaíochta agus/nó acmhainní a bhíonn ar fáil i gcásanna áirithe.

Maidir le taighde agus le comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta i ndáil le polasaí oideachais speisialta, is féidir leis an gComhairle dul i mbun pé taighde a mheasann sí a bheith riachtanach agus is féidir léi comhairle a chur ar an Aire mar thoradh ar an taighde sin agus mar thoradh ar an taithí a bhíonn faighte aici agus na polasaithe reatha á gcur i bhfeidhm. Is féidir leis an Aire a iarraidh ar an gComhairle taighde sonrach a dhéanamh i ndáil le ceist áirithe a bhaineann le hoideachas speisialta.

CAIBIDIL 2

ANAILÍS AR AN TIMPEALLACHT

2.1 RÉAMHRÁ

Is timpeallacht chasta é an ceann ina bhfeidhmíonn an NCSE, timpeallacht ina mbíonn meascán de phróisis agus de sholáthar ina bhfuil raon geallsealbhóirí agus mórthionchar acu ar an tslí a gcomhlíonann an Chomhairle féin a cuid feidhmeanna. Is cuid lárnach den timpeallacht ina bhfeidhmíonn an Chomhairle é a ról maidir lena chinntiú go gcuimsítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu in oideachas príomhshrutha

2.2 ANAILÍS INMHEÁNACH

Bunaíodh an NCSE i Nollaig 2003 agus ghabh sí freagracht uirthi féin i leith soláthar acmhainní riachtanais speisialta oideachais an 1 Eanáir 2005, freagracht a bhí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta roimhe sin. Bunaíodh go reachtúil an NCSE an 1 Deireadh Fómhair 2005 faoi Acht EPSEN, 2004.

Tá idir fheidhm comhairleach agus fheidhm feidhmiúcháin ag an NCSE. Leirítear an méid sin agus a cuid struchtúir agus modhanna oibríochta á n-eagrú. Is comhlacht reachtúil neamhspleách í an Chomhairle, comhlacht ag a bhfuil freagracht iomlán ar shocruithe i ndáil le polasaí agus le rialachas. Déanann comhaltaí na Comhairle ionadaíocht ar réimse leathan de leasa agus d'eagraíochtaí in earnáil an oideachais speisialta. Déanann an Chomhairle freagrachtaí bainistíochta i ndáil le réimsí agus ceisteanna sonracha a tharmligean chuig fo-choistí agus tuairiscíonn na fo-choistí sin chuici i gcás cinntí deiridh.

Feidhmeannas, air a bhfuil 98 duine, a théann i mbun obair na Comhairle ó lá go lá; 18 duine atá bunaithe san Ardoifig i mBaile Átha Troim, Co. na Mí, agus 80 SENO ar fud na tíre. Is ar bhonn trí mhórghné d'obair na Comhairle a eagraíodh an Feidhmeannas;

- **Oibríochtaí** – áirítear orthu seirbhísí a sheachadadh ar leibhéal áitiúil e.g. acmhainní a chur ar fáil do scoileanna chun freastal ar riachtanais leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- **Taighde** – áirítear air clár taighde a fhorbairt chun tacú le hobair na Comhairle, taighde a choimisiúnú i gcás cheisteanna oideachais speisialta agus comhairle a chur ar fáil don Aire Oideachais agus Eolaíochta maidir le polasaí.

ANAILÍS AR AN TIMPEALLACHT

- **Seirbhísí Corparáide** – áirítear orthu bainistiú agus rialú airgeadais, iniúchadh inmheánach, bainistiú achmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus riarachán.

Ceann de phríomhfheidhmeanna Chomhairle agus Fheidhmeannas an NCSE é a chinntiú go bhfeidhmíonn an eagraíocht le héifeacht agus le héifeachtúlacht a mhéid is mó agus is féidir. D'fhonn é seo a bhaint amach, ní mór don NCSE gach tionscnamh a eascraíonn ón gClár um Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí, clár atá á fheidhmiú go leanúnach, a chur i bhfeidhm e.g. Rialáil Níos Fearr, Seirbhísí den Scoth do Chustaiméirí, Luach ar Airgead etc agus gach ceanglas lena mbaineann atá le fáil i "I dTreo 2016", agus tá rún daingean aige amhlaidh a dhéanamh.

Is cuid dhílis den dá thionscnamh seo araon é an gá atá ann teagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí iomchuí maidir le hábhair chuí a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais in Éirinn. Bunaíodh Fóram Comhchomhairle a dhéanann ionadaíocht ar raon leathan dá cuid geallsealbhóirí, fóram a éascóidh comhchomhairle le comhpháirtithe lárnacha in earnáil an oideachais agus an mhíchumais maidir le réimse leathan saincheisteanna

2.3 ANAILÍS SHEACHTRACH

Is mór an t-athrú a tháinig ar an meon, le tamall anuas, i gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus táthar ag tosú ag imeacht ó shamhail an 'easnaimh' agus ag dul i dtreo shamhail ina mbíonn gá le cur chuige a bheadh níos mó de réir chórais. Léiríodh an méid sin i bhforbairt na reachtaíochta agus i leithroinnt acmhainní chun tacú leo siúd sna hionaid phríomhshrutha.

Chuirtí oideachas speisialta ar fáil riamh, in Éirinn, do leanaí faoi mhíchumas, rud ar cuireadh tús leis, is léir, i lár na naoú haoise déag. Ar dtús, ba iad na hOird Bheannaithe a chuireadh oideachais speisialta ar fáil do mhic léinn a raibh lagú éisteachta agus mallachar radhairc acu. Ba ina dhiaidh sin arís a cuireadh seirbhísí ar fáil do mhic léinn le míchumais foghlama ghinearálta agus míchumais eile coirp. Faoin mbliain 1950, ní raibh aitheantas oifigiúil ach ag an t-aon scoil speisialta amháin do mhic léinn le mhíchumais foghlama ghinearálta.

Leis an *Report of the Commission of Inquiry on Mental Handicap* i 1965, rinneadh moltaí sonracha maidir le fáthmheas, le socrúchán oideachas, le hoiliúint agus le cúram i gcás leanaí agus ógánach

ANAILÍS AR AN TIMPEALLACHT

le míchumas foghlama ginearálta. Nuair a glacadh leis na moltaí sin, tháinig méadú, i ndeireadh na 1960dí agus i dtús na 1970dí , ar sheirbhísí speisialta oideachais do mhic léinn le míchumas foghlama ginearálta le bunú scoileanna náisiúnta speisialta agus ranganna speisialta i scoileanna náisiúnta príomhshrutha.

Bhí tionchar ag tuarascálacha lárnacha, lena n-áirítear

- The Education of Children who are handicapped by Impaired Hearing (1972),
- Curriculum Guidelines for Pupils with a Moderate Mental Handicap (1980),
- The Education of Physically Handicapped Children (1982),
- The Education and Training of Severely and Profoundly Mentally Handicapped Children in Ireland (1983).
- The Report of the Special Education Review Committee (1993),
- The Commission on the Status of People with Disabilities (1993),

ar fhorbairt sholáthar oideachas speisialta agus tá a rian le feiceáil ar an gcóras atá againn inniu.

I gcaitheamh na 1980dí, bunaíodh ranganna speisialta do mhic léinn le míchumas foghlama ginearálta measartha sna scoileanna náisiúnta príomhshrutha. Le linn na 1990dí cuireadh ranganna speisialta ar fáil do mhic léinn le míchumais eile lena n-áirítear éalanga sonracha cainte agus teanga, uathachas, agus míchumais foghlama shonracha. Go dtí go luath sna nóchaidí, chuaigh formhór na mac léinn faoi mhíchumas, a bhí in aois iar-bhunscoile, chuig scoileanna náisiúnta speisialta, scoileanna a raibh ar a gcumas glacadh le mic léinn idir 4-18 bliain d'aois.

De réir mar a tháinig ardú ar líon na mac léinn faoi mhíchumas a théadh chuig scoileanna iar-bhunscoile príomhshrutha, rinneadh soláthar speisialta ina leith ar bhonn ad hoc. Chuir rannóga iomchuí de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta acmhainní ar fáil mar thoradh ar an éileamh a bhí ann. Áiríodh ar an hacmhainní ranganna speisialta, poist acmhainne, teagasc aonair duine le duine agus cúntóirí riachtanas speisialta.

Spreag na nithe seo a leanas, freisin, an t-athrú i gcás soláthar oideachas speisialta agus chuir siad dlús leis:

- Treochtaí idirnáisiúnta maidir le hoideachas speisialta a fhorbairt agus go háirithe an fócas ar uile-

ANAILÍS AR AN TIMPEALLACHT

chuimsitheacht a uasmhéadú.

- Breithiúnais Ard Chúirte i gcásanna a bhaineann le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, arb éard a bhí mar thoradh orthu súil eile a chaitheamh ar an gcoincheap a bhaineann le hoideachas do dhaoine faoi mhíchumas agus athbhreithniú ar sholáthar ginearálta.
- Rinneadh dul chun cinn mór i soláthar speisialta do mhic léinn faoi mhíchumas le cinneadh an Rialtais i mí Dheireadh Fómhair 1998. Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tacaíochtaí ar fáil astu féin, don gcéad uair, i bhfoirm seirbhísí breise teagaisc agus cúram leanaí do mhic léinn faoi mhíchumas a bhí ag freastal ar scoileanna náisiúnta príomhshrutha.
- Nuair a cuireadh tuarascálacha na dTascfórsaí i ndáil le hUathachas agus Disléicse i gcrích agus nuair a foilsíodh iad, bhí tionchar acu ar chuir chuigí nua sna réimsí seo mar a rinne na Treoirlínte do mhúinteoirí mac léinn le míchumais foghlama ghinearálta a d'fhorbair ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.
- Le rith an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, acht a dhíríonn ar oideachas cuí a sholáthar i dtimpeallacht uilechuimsitheach, tugtar cearta reachtúla do mheasúnú agus do phleananna oideachais aonair, bunaítear meicníocht achomharc agus foráiltear do bhunú an NCSE.
- Rinneadh cearta leanaí faoi mhíchumas a chomhdhlúthú tuilleadh le rith an Achta um Míchumas 2005 agus déantar cuspóirí an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, a chomhlánú agus tacaítear leo.

SOLÁTHAR FAOI LÁTHAIR

Cuirtear oideachas speisialta ar fáil anois i scoileanna bunoideachais, iar-bhunoideachais agus i scoileanna speisialta i ranganna príomhshrutha agus i ranganna speisialta. Cuirtear tacaíochtaí breise teagaisc, cúraim, trealaimh agus cóiríochta ar fáil do gach scoil chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

ACHT EPSEN 2004

Is léiriú soiléir iad na forálacha agus na prionsabail atá mar bhonn taca ag Acht EPSEN 2004 maidir leis an gcineál agus maidir le scóip sholáthar oideachais speisialta de réir mar a bheidh tosach feidhme ag na hailt éagsúla den Acht sna trí bliana atá amach romhainn. Leis an Acht, bunaítear cearta reachtúla do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ndáil leis na nithe seo a leanas;

- Oideachas cuí a chur ar fáil i dtimpeallacht uilechuimsitheach seachas nuair nach dtiocfadh sin le

sárleasanna an linbh nó le soláthar oideachais do leanaí eile.

- Measúnú, laistigh d'amscála seasta, chun riachtanais speisialta oideachais agus na seirbhísí a theastóidh chun a chur ar chumas an linbh a bheith rannpháirteach in oideachas agus tairbhe a bhaint as a aithint.
- An ceart ar phlean oideachais ina leagtar amach go mion riachtanas speisialta oideachais an linbh agus an clár oideachais chuí a bheidh le leanúint, na haidhmeanna a bheidh le baint amach agus na tacaíochtaí a bheidh le cur ar fáil.
- Próiseas Achomharc i ndáil leis na measúnuithe agus na pleananna oideachais.
- Dualgais an Aire Oideachais agus Eolaíochta mar aon leis an Aire Sláinte agus Leanaí airgead agus acmhainní eile a chur ar fáil chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

2.4 PRIONSABAIL LÁRNACHA ACHT EPSEN 2004 CUR CHUIGE MAIDIR LE HACHT EPSEN 2004

Mar a éilítear le hAcht EPSEN 2004, tá Tuarascáil Feidhmiúcháin maidir leis an Acht curtha faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta ag an gComhairle. Leagtar amach tuairimí na Comhairle sa Tuarascáil sin maidir leis an bpróiseas atá le glacadh, na hollcheisteanna a thagann chun cinn, na tacaíochtaí a theastaíonn agus na costais ghaolmhara agus plean gnímh seicheamhach chun lánfheidhmiú an Achta faoin mbliain 2010 a éascú.

Tá fáilte curtha ag an Aire roimh an Tuarascáil agus táthar á breithniú faoi láthair sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá an Plean Straitéise bunaithe ar an Tuarascáil a ghlacadh tríd is tríd agus ar thacaíocht agus feidhmiú an Phlean Gnímh sa tslí agus laistigh de na hamlínte ginearálta a léirítear sa Tuarascáil.

NA PRÍOMHRÉIMSÍ INFHEISTÍOCHTA

Aithnítear príomhréimsí ina dteastóidh infheistíocht chun Acht EPSEN 2004 a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa Tuarascáil Feidhmiúcháin agus leagtar amach thíos iad;

Soláthar Réamhscoile
Oideachas Uilechuimsitheach ag an Leibhéal Scoile
Creat Tacaíochta Scoileanna Uilechuimsitheach – Seirbhísí Tacaíochta Oideachais
Creat Tacaíochta Scoileanna Uilechuimsitheach – Seirbhísí Tacaíochta Sláinte

ANAILÍS AR AN TIMPEALLACHT

Oiliúint agus Forbairt
Comhoibriú na nEarnálacha Oideachais agus Sláinte
Achomhairc agus Idirghabháil
Dul chun cinn Oideachais
Torthaí Athbhreithnithe
Breisoideachas agus Oideachas Leanúnach
Taighde

SOLÁTHAR BUNAITHE AR CHEARTA

Tá an Plean Gnímh maidir le hAcht EPSEN 2004 a chur i bhfeidhm bunaithe ar thuiscint na Comhairle ar fhorálacha an Achta, go háirithe na forálacha sin a dheonaítear ar bhonn cearta. Is é príomhchuspóir an Achta EPSEN ceart leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu oideachas cuí a fháil i dtimpeallacht uilechuimsitheach agus cothromas rochtana ar oideachas.

2.5 ANAILÍS PHOLAITÍOCHTA, EACNAMAÍOCH AGUS SHÓISIALTA (PES)

Tugtar aitheantas do chóras oideachais na hÉireann go hidirnáisiúnta mar chóras a chuireann go mór leis an dlúthfhorbairt eacnamaíochta a tharla anseo le deich mbliana anuas. Bhí athruithe eacnamaíocha faoi stiúir fhórsa saothair ar a bhfuil leibhéal oideachais an-ard agus d'fhorbair siad buntáiste iomaíoch. Sa chomhthéacs sin, tá aird níos mó á tabhairt anois do na daoine sin nár fhreastail an córas oideachais ar a gcuid riachtanas ar shlí mhaith. Léiríonn anailís ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta, polaitíochta agus reachtaíochta an chórais na heasnaimh a bhaineann le soláthar oideachais speisialta roimhe seo agus tarraingítear aird ar an ngá atá le cur chuige éagsúil agus nua.

POLAITÍOCHT AGUS REACHTAÍOCHT

Ag leibhéal polaitíochta, táthar sásta teagmháil a dhéanamh leis na daoine sin atá faoi mhíchumas/ a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu agus aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas. Mar fhianaise dó sin, tá roinnt píosaí reachtaíochta ann agus le chéile cuireann siad creat ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin. Tá an tAcht um Míchumas, 2005, Acht EPSEN, 2004 agus an tAcht Meabhair-Shláinte, 2001 san áireamh sa chreat sin. Má thógtar le chéile iad agus má chuirtear i bhfeidhm go tapa iad, beidh siad ina mbunús láidir do sholáthar.

ANAILÍS AR AN TIMPEALLACHT

Beidh na ceanglais in Acht EPSEN mar aon leis an Acht um Míchumas i ndáil le comhoibriú níos fearr idir na hearnálacha Oideachais agus Sláinte agus imréimniú pholasaí oibríochta sna hearnálacha sin ríthábhachtach. Níl na cláir ná an soláthar acmhainní comhaontaithe fós agus beidh tionchar freisin ag na cinntí maidir leis na hábhair sin ar an méid a bhainfear amach leis na cuspóirí a leagtar amach sa phlean seo.

Tá mórán daoine ag dul i muinín an dlí toisc nach bhfuil cearta reachtúla sainmhínithe go soiléir do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chomh maith le heaspa soláthair agus /nó aonfhoirmeachta soláthair. Is dócha go gcuirfidh sé brú mór ar an gComhairle baint a bheith acu le dlíthíocht mura gcuirfear seirbhísí ar bun agus mura mbeidh acmhainní ar fáil chun freastail ar riachtanais na ndaoine sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

EACNAMAÍOCHT

Roimhe seo, bhíodh soláthar do leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu ar fáil in earnáil na scoileanna speisialta den chuid is mó. Agus reachtaíocht rite, tá creat ann anois inar féidir soláthar a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dá dtuismitheoirí chun rochtain a fháil ar sheirbhísí go háitiúil agus do scoileanna chun an raon tacaíochtaí a theastaíonn chun cuidiú leis an leanbh foghlaim a chur ar bun.

Aithnítear go forleathan anois go dteastóidh go leor ionchur acmhainní chun freagairt chuí ar riachtanais speisialta oideachais daoine atá faoi mhíchumas a fhorbairt tuilleadh. Áireofar infheistíocht airgeadais, acmhainní daonna agus infrastruchtúir in Oideachas Speisialta orthu sin. Beidh sé ríthábhachtach go mbeidh sé ar chumas an stáit na hionchuir sin a sheachadadh ag leibhéal chun freastal ar ár gcuspóirí ardleibhéil thar thréimhse an phlean seo. Agus na spriocanna ardleibhéil á leagan amach againn, tá na tuartha foráis i ngeilleagar na hÉireann thar thréimhse an phlean seo, tuartha atá dearfach tríd is tríd, curtha san áireamh againn.

SÓISIALTA

Léirítear go leanfaidh ár ndaonra ag méadú le linn thréimhse an phlean seo. D'fhéadfadh figiúirí measta maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu arna sainmhíniú in Acht EPSEN 2004 a bheith chomh hard le 18% díobh sin san aoisghrúpa 0-18 bliana agus bheadh dúshlán ansin don Chomhairle agus don Rialtas freastal go cuí ar a gcuid riachtanas go léir.

ANAILÍS AR AN TIMPEALLACHT

Cé go gcruthófar soláthar seirbhísí do dhaonra a bheidh ag dul i méid éilimh bhreise, beidh dúshláin nua agus éilimh nua ag baint le seirbhísí speisialta oideachais a sholáthar do leanaí de chuid mhionlaigh eitneacha agus do leanaí oibrithe imirceacha. Tiocfaidh ceisteanna chun cinn i ndáil le difríochtaí cultúir, teanga agus measúnaithe, agus i ndáil le scileanna teagaisc agus measúnaithe cuí a sholáthar.

2.5 FACHTÓIRÍ TÁBHACHTACHA RATHÚLACHTA

Braitheann baint amach na dtosaíochtaí straitéiseacha agus cur i bhfeidhm rathúil na gcuspóirí atá leagtha amach sa ráiteas straitéise seo ar roinnt fhactóirí tábhachtacha rathúlachta, mar atá leagtha amach thíos.

ACMHAINNEACHT EAGRAÍOCHTÚIL

Beidh forbairt acmhainneachta eagraíochtúil na Comhairle ríthábhachtach maidir le hábaltacht na Comhairle an plean seo a chur i gcrích. Ceapadh an plean ar an mbonn go rachfar i ngleic leis na saincheisteanna eagraíochtúla agus foirne a ainmníodh sa Tuarascáil Feidhmiúcháin de réir a chéile ag teacht le Plean Gnímh na Tuarascála.

ACMHAINNÍ

Toisc go bhfuil castacht ag baint le hoideachas speisialta a sholáthar, braithfidh cur i gcrích rathúil mhisean agus fís na heagraíochta don am atá amach romhainn don chuid is mó ar leibhéal inbhuanaithe acmhainní airgeadais agus daonna. Cuirfidh forbairt phróisis taighde agus measúnaithe agus forbairt chórais airgeadais agus bhainistithe ar chumas na heagraíochta na hacmhainní atá aici faoi láthair a bhainistiú agus a rialú ar bhealach níos éifeachtaí.

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Tá ionchur ag comhpháirtithe san Oideachas (tuismitheoirí, múinteoirí, gníomhaireachtaí agus na Ranna Sláinte & Leanaí agus Oideachais & Eolaíochta) i bhforbairt polasaí agus i soláthar seirbhísí oideachais speisialta araon. Beidh a rannpháirtíocht leanúnach éigeantach chun misean agus fís na heagraíochta a chomhlíonadh agus chun an clár oibre maidir le hoideachas speisialta a chur chun cinn in Éirinn.

ANAILÍS AR AN TIMPEALLACHT

2.6 CONCLÚID

Beidh sé ríthábhachtach go nglacfar agus go gcuirfear na moltaí a rinneadh i dTuarascáil Feidhmiúcháin na Comhairle i bhfeidhm go forleathan agus beidh a mhéad tacaíochta a thugtar dóibh ríthábhachtach maidir leis an bplean seo a sheachadadh. Éileoidh sin ceannaireacht pholaitiúil, leagadh amach acmhainní chun an tAcht a chur i bhfeidhm agus tiomantas ag leibhéal náisiúnta an DES agus DHC agus ag leibhéal áitiúil idir an NCSE agus an HSE araon chun athrú a stiúradh agus chun na seirbhísí atá ag teastáil a chur i bhfeidhm ionas gur féidir leis na daoine sin a bhfreastalaíonn an tAcht orthu a bheith go hiomlán rannpháirteach san oideachas agus leas a bhaint as.

Maidir leis sin, déanfaidh an NCSE dianiarracht chun a chinntiú go gcuirfear go mór lena chumas seachadta féin agus go mbeidh a fhoireann in ann na héilimh a dhéantar uirthi a chomhlíonadh le linn na céime feidhmiúcháin.

CAIBIDIL 3

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Tá ár bplean straitéiseach comhdhéanta de roinnt gnéithe lárnacha. Rinnemar forbairt ar ráiteas físe, ar chúig thosaíocht straitéiseacha agus ar chuspóirí gaolmhara chun ár n-uaillmhian don NCSE a leagan amach thar na ceithre bliana atá amach romhainn.

Leagann an **Ráiteas Misin** amach cuspóir leanúnach an NCSE.

Leagann an **Ráiteas Físe** fís an NCSE amach maidir le hoideachas speisialta a sholáthar sna blianta atá amach romhainn.

Léiríonn na **Tosaíochtaí Straitéiseacha** na tosaíochtaí lárnacha i gcultúr an NCSE, ag stiúradh treoir agus rún ár straitéis.

D'fhorbraíomar **Plean Gnímh** chomh maith, a leagann amach sraith tascanna sonracha agus inbhraite le cur i bhfeidhm na straitéise seo a stiúradh.

Seo a leanas ordlathas na straitéise:



FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

MISEAN AN NCSE

Soláthróidh an NCSE, thar ceann an Stáit, seirbhísí áitiúla agus náisiúnta chun tacú le soláthar oideachais speisialta, déanfaidh sé taighde agus scaipfidh sé torthaí agus cuirfidh comhairle ar pholasaí ar fáil don Aire Oideachais agus Eolaíochta maidir le ceisteanna a bhaineann le hoideachas speisialta.

FÍS AN NCSE

Tá an NCSE tiomanta do chóras oideachais speisialta atá duinelárnaithe, dírithe ar an teaghlach agus a fhreagraíonn do riachtanais chách.

We have developed five Strategic Priorities, which lead us to achieve our vision for special education needs in the future in Ireland.

TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA 2008 - 2011

1. Éascú a dhéanamh do pháistí le SEN le hoideachas cuí a fháil i suíomh uilechuimsitheach
2. Aithint agus deimhniú clár oideachas cuí do leanaí le SEN a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí
3. Comhordú a dhéanamh ar sholáthar tacaíochtaí le seachadadh oideachas uilechuimsitheach agus éifeachtach do leanaí le SEN a chumasú
4. Feabhas a chur ar sholáthar oideachais do leanaí le SEN trí thaighde ar ardchaighdeán agus comhairle polasaí ar cheisteanna SEN
5. A chinntiú go mbeidh NCSE á fhorbairt agus á chothabháil mar eagraíocht éifeachtach agus go bhfeidhmeoidh sé ar bhealach a chomhlíonann go hiomlán gach ceanglas rialachais reachtúil agus rialála

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

DÉANFAIDH AN NCSE A MHISEAN A CHOMHLÍONADH AGUS A FHÍS A BHAINT AMACH TRÍ SHEACHADADH A DHÉANAMH AR NA CÚIG THOSAÍOCHT STRAITÉ-ISEACHA AGUS NA CUSPÓIRÍ AGUS NA GNÍOMHARTHA GAOLMHARA ATÁ LEAGTHA AMACH THÍOS

Trí fhorbairt a dhéanamh ar Phlean Gnímh Straitéiseach réalaíoch, plean a mbeidh dúshlán ag baint leis, oibreoimid chun ár bhfís a chur níos faide ná mian ginearálta go céimeanna sonracha coincréiteacha a chuideoidh lenár straitéis a bhaint amach.

1. ÉASCÚ A DHÉANAMH DO LEANAÍ LE SEN LE HOIDEACHAS CUÍ A FHÁIL I SUÍOMH UILECHUIMSITHEACH

Ceann de na hathruithe bunúsacha atá déanta ag Acht EPSEN 2004 agus ag an gcreat reachtaíochta agus bunreachta ina suíonn sé anois ná bronnadh ceart sonrach ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Forálann Acht EPSEN ceart reachtúil ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go bhfaighidís oideachas i dtimpeallacht uilechuimsitheach le leanaí eile nach bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu murab fhearr do leanbh sin nó murab fhearr sin ó thaobh sholáthar éifeachtach do na leanaí eile. Éilíonn uilechuimsitheacht a n-éiríonn léi intinn cultúir agus dearcaidh a cheadaíonn solúbthacht ó thaobh freagartha agus an príomhfhócas ar cad é leas is fearr an linbh/an duine óig a bhíonn i gceist.

GNÍOMH 1: CREAT OIBRE A BHUNÚ LE TOMHAS A DHÉANAMH LE LEIBHÉIL UILECHUIMSITHEACHTA

1.1 Díospóireacht a spreagadh agus a éascú faoi cad is oideachas uilechuimsitheach ann

1.2 Forbairt agus feidhmiú a dhéanamh ar chreat oibre le tomhas a dhéanamh ar leibhéil uilechuimsitheachta

1.3 Forbairt a dhéanamh ar chórais eolais le tacú le creat oibre

1.4 Athbhreithniú a dhéanamh ar ról scoileanna speisialta i gcomhthéacs uilechuimsitheachta

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

GNÍOMH 2: TIONCHAR A IMIRT AR DHEIREADH A CHUR AR BHACAINNÍ IONTRÁLA

2.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar bhearnaí agus bacainní atá ann faoi láthair a aithint

GNÍOMH 3: DALTAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS ACU A ÉASCÚ I SCOILEANNA ÁITIÚLA

3.1 Acmhainní a leithroinnt do scoileanna de réir imlínte polasaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

3.2 Sásraí a fheabhsú le riachtanais socrúcháin a aithint

3.3 Treoirlínte a fhorbairt ar phróiseas shocrúchán leanaí le SEN le freastal a dhéanamh ar cheanglais Achtanna EPSEN agus Míchumais

GNÍOMH 4: SEACHADADH DEACHLEACHTAIS D'UILECHUIMSITEACHT A CHUR CHUN CINN AGUS AIRD A THARRAINGT ORTHU AG TAGAIRT DO FHORÁLACHA ACHT EPSEN

4.1 Seachadadh a dhéanamh ar mhionteagasc cuimsitheach ar uilechuimsiteacht leanaí le SEN chuig Boird Bhainistíochta agus foirne scoileanna i gcomhar le SESS agus trínár ngréasán SENO

4.2 Cur le tuiscint i measc an phobail go ginearálta trí chomhráite leis an bpobal, idirghníomhú agus foilseacháin

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

SEO A LEANAS NA PRÍOMHTHORTHAÍ A AITHNÍODH Ó THAOBH AN TOSAÍOCHT SIN A BHAINT AMACH:

- Déanfar sainmhíniú níos soiléiré ar choincheap an oideachais uilechuimsithigh agus tuigfear níos fearr é
- Cuirfear oideachas uilechuimsitheach chun cinn go héifeachtach agus cuirfear chun cinn é do gach geallsealbhóir cuí
- Beidh leanaí a bhfuil SEN ag dul dóibh rannpháirteach i suímh oideachais uilechuimsitheach ag gach leibhéal oideachais i gcomhar lena gcuid piaraí nach bhfuil SEN ag dul dóibh
- Déanfar aithint ar riachtanais shocrúchán leanaí le SEN agus déanfar freastal orthu.
- Déanfar riachtanais idirthréimhseacha leanaí le SEN a aithint agus déanfar freastal orthu
- Déanfar bacainní oideachas uilechuimsitheach i gcás leanaí le SEN a aithint agus tabharfar aghaidh orthu
- Beidh córais eolais bunaithe le go bhféadfar sonraí bonnlíne a bhailiú agus a athbhreithniú

2. AITHINT AGUS CLÁRÚ CLÁR OIDEACHAIS CUÍ DO LEANAÍ LE SEN A CHUR CHUN CINN AGUS MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR NA TORTHAÍ.

Bainfidh leanaí le SEN torthaí ó oideachas amach de réir a gcumais agus éascóidh sin dóibh athrú go dtí an cheardlann, dul ar aghaidh go breis oideachais agus oideachas ar feadh an tsaoil, páirt a mbeidh brí leis a ghlacadh i ngníomhaíocht eacnamaíoch shóisialta agus cultúir agus go deimhin saol iomlán a chaitheamh go neamhspleách sa phobal. Ní bheidh fhios an mbeidh cuspóirí Acht EPSEN á mbaint amach gan fócas seasta ar thorthaí agus ar an tslí sin beidh gá forbairt a dhéanamh ar bhearta a chuideoidh le sloinneadh praiticiúil a dhéanamh air sin sa chóras oideachais.

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

GNÍOMH 1: DEARADH CURACLAIM AGUS DEIMHNIÚ TORTHAÍ DO LEANAÍ LE SEN A CHUR CHUN CINN

1.1 DÉANFAIDH AN NCSE IONCHUR GNÍOMHACH I NDEARADH CURACLAIM AGUS I NDEIMHNIÚ TORTHAÍ LE COMHLACHTAÍ MAR NCCA, NQAI, AGUS SEC

GNÍOMH 2: FORBAIRT CÓRAS AGUS NÓSANNA IMEACHTA LE MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR THORTHAÍ OIDEACHAIS DO LEANAÍ LE SEN A CHUR CHUN CINN

2.1 Oibriú go gníomhach le Gníomhaireachtaí Oideachais cuí le leathnú a dhéanamh ar raon agus scóip clár oideachais agus deimhnithe do leanaí le SEN

GNÍOMH 3: TREOIRLÍNTE DEACHLEACHTAIS DO SHOLÁTHAR SEN A FHORBAIRT AGUS IAD A CHUR IN IÚL DO SCOILEANNA

3.1 Dul i gcomhchomhairle le geallsealbhóirí agus le grúpaí leasmhara

3.2 Eolas a ullmhú agus a eisiúint chuig Scoileanna agus chuig Tuismitheoirí ar Dheachleachtas

3.3 Deachleachtas a chur chur cinn trí Ghreásán SENO

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

THE KEY OUTCOMES IDENTIFIED IN ACHIEVING THIS PRIORITY ARE:

- Effective curriculum design embracing the needs of all pupils including those with SEN will be promoted and delivered by the education system
- Differentiated educational programming to benefit children with SEN will be effectively operating in schools
- Best practice SEN provision will be communicated to schools and promulgated and implemented in schools
- The state examination and certification of educational outcomes systems will cater inclusively for children with SEN
- Systems and procedures will be in place to monitor and track educational outcomes for children with SEN

3. COMHORDÚ A DHÉANAMH AR SHOLÁTHAR TACAÍOCHTAÍ LE SEACHADADH OIDEACHAIS UILECHUIMSITHEACH AGUS ÉIFEACHTACH DO LEANAÍ LE SEN A CHINNTIÚ

A key consideration in the implementation of the EPSEN Act is the need for its implementation to be coordinated between the Departments of Education and Science and of Health and Children, as well as their respective agencies, in tandem with the Implementation of the Disability Act 2005.

There are many possible routes to dealing with the very challenging issues and there needs to be substantial engagement between all of the stakeholders involved in this regard. This will enable the integration of services to support inclusive education (education, health, voluntary sector, etc) and the strengthening of support structures (NCSE, NEPS, SESS, DES, etc).

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

GNÍOMH 1: MÉADÚ AR ÁR N-ACMHAINNEACHT RIACHTANAIS A SHEACHADADH CHUIG NA CAIGHDEÁIN CHÁILÍOCHTA AONTAITHE

1.1 Forbairt cur chuige comhordaithe a chur chun cinn i leith seachadadh riachtanais speisialta oideachais

1.2 Prótocail a fhorbairt agus a aontú le gníomhaireachtaí eile a sheachadann seirbhísí do leanaí le riachtanais speisialta oideachais ar a n-áirítear an HSE

1.3 Eolas agus comhairle a sholáthar do thuismitheoirí chun cuidiú leo riachtanais oideachais a leanbh a sheachadadh

GNÍOMH 2: CAIDREAMH A BHUNÚ LE GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS PRÓTACAIL OIBRÍOCHTA A FHORBAIRT

2.1 Prótacail oibríochta a fhorbairt agus a aontú leis na príomhgheallsealbhóirí i.e. HSE, DES

2.2 1 Ionchur i ndearadh agus i bpleanáil clár oiliúna réamhsheirbhíse agus inseirbhíse d'fhoireann agus do bhainistíocht scoileanna

GNÍOMH 3: IDIRCHAIDREAMH LE DES AR DHEARADH AGUS AR PHLEANÁIL CHLÁIR OILIÚNA

3.1 Ionchur i ndearadh agus i bpleanáil clár oiliúna réamhsheirbhíse agus inseirbhíse d'fhoireann agus do bhainistíocht scoileanna

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

SEO A LEANAS NA PRÍOMHTHORTHAÍ A AITHNÍODH Ó THAOBH AN TOSAÍOCHT SIN A BHAINT AMACH:

- Próisis leithroinnt acmhainní éifeachtach a bheith i bhfeidhm
- Comhordú tacaíochtaí do dhaltaí le SEN le hoideachas uilechuimsitheach éifeachtach a sheachadadh ag feidhmiú de réir chaighdeáin cháilíochta chomhaontaithe.
- Cláir thacaíochta riachtanacha do scoileanna, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do gheallsealbhóirí eile chun oideachas uilechuimisitheach éifeachtach a éascú bunaithe.
- Caidrimh gheallseallbhóirí éifeachtach a thógáil, a fhorbairt agus a chothabháil.
- Baint a bheith ag tuismitheoirí leis an bpróiseas ó thaobh freastal agus seachadadh a dhéanamh ar riachtanais a leanaí agus bheadh tacaíocht éifeachtach acu uaidh.

4. FEABHAS A CHUR AR SHOLÁTHAR OIDEACHAIS DO LEANAÍ LE SEN TRÍ THAIGHDE AR ARDCHAIGHDEÁN AGUS COMHAIRLE POLASAÍ AR CHEISTEANNA SEN

The NCSE is conscious of the need to reflect on whether existing policies, procedures and resources are adequate to achieve the objectives of the EPSEN Act. Under EPSEN, the NCSE is required to advise the Minister for Education and Science in relation to any matter relating to the education of children and others with disabilities. The NCSE will, therefore, continually review the effectiveness of existing arrangements in meeting the objectives of the EPSEN Act and advise the Minister of issues that need to be addressed.

GNÍOMH 1: CLÁR A FHORBAIRT D'ATHBHREITHNIÚ AGUS D'FHORBAIRT POLASAÍ/ATHBHREITHNITHE LE FEIDHMIÚ ACHT EPSEN 2004 A CHINNTIÚ

1.1 Forbairt a dhéanamh ar chlár taighde ag teacht le ceanglais Acht EPSEN

1.2 Forbairt a dhéanamh ar chlár athbhreithnithe polasaí le tionchar a imirt agus cúnamh a thabhairt le próisis déanta cinntí

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

GNÍOMH 2: BINSEMHARCÁIL A DHÉANAMH AR CHREATA OIBRE POLASAÍ SEN IDIRNÁISIÚNTA

2.1 A bheith rannpháirteach i bhfóraim idirnáisiúnta le héascú a dhéanamh ar aithint deachleachtais

2.2 Athbhreithnithe comparáideacha a choimisiúnú agus a fhoilsiú

SEO A LEANAS NA PRÍOMHTHORTHAÍ A AITHNÍODH Ó THAOBH ANTOSAÍOCHT SIN A BHAINT AMACH:

- Cláir chomhairle polasaí agus taighde éifeachtacha a bheith bunaithe le tionchar a imirt ar athrú i réimeas SEN le feidhmiú Acht EPSEN 2004 a chinntiú
- Go dtarlódh athrú polasaí ar bhonn éabhlóideach ag teacht le ceanglais Acht EPSEN, 2004 agus le binsemharcáil idirnáisiúnta ar chreata oibre polasaí SEN éifeachtacha

5. A CHINNTIÚ GO NDÉANTAR NCSE A FHORBAIRT AGUS A CHOTHABHÁIL MAR EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS A CHINNTIÚ GO BHFEIDHMEOIDH SÉ AR BHEALACH IOMLÁN COMHLÍONTA LE GACH CEANGLAIS RIALACHAIS AGUS RIALÁLA CORPARÁIDE REACHTÚIL

Our collective aim through effective collaboration between all of the key stakeholders is to deliver on our challenging high-level priorities. In order to fulfil its evolving statutory remit and comply with its regulatory requirements as a state agency, the Council will need to establish and maintain an appropriate organisational structure, systems and procedures and staffing levels. It will need to provide an on-going training and development programme for its entire staff to ensure the skill mix to deliver on our evolving functions is available.

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

GNÍOMH 1: STRAITÉIS ACMHAINNÍ DAONNA A FHORBAIRT AGUS A FHEIDHMIÚ

1.1 Forbairt a dhéanamh ar Straitéis Acmhainní Daoinne lánpháirtithe do gach duine d'fhoireanna NCSE leis na comhpháirteanna seo a leanas ann:

Straitéis oiliúna agus forbartha
Polasaithe agus nósanna imeachta earcaíochta, roghnaithe, chur chun cinn agus coinneála foirne
Feidhmiú a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

1.2 Cóiríocht chuí a fháil agus a chothabháil d'fhoireann NCSE ar fad

GNÍOMH 2: LEANÚINT LE HEAGRAÍOCHT, STRUCHTÚIR AGUS PRÍOMHPHRÓISIS AN NCSE A THÓGÁIL LENA CHINNTIÚ GO MBEIDH AN NCSE GO HIOMLÁN AG COMHLÍONADH GACH FORÁIL RIALÁLA AGUS REACHTÚIL

2.1 Struchtúir, próisis agus foirne laistigh den NCSE a athbhreithniú lena chinntiú go mbeidh an struchtúr eagraíochtúil, córais agus nósanna imeachta, inniúlachtaí lárnacha agus foirne ag an eagraíocht le seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil

2.2 A chinntiú go léiríonn comhshocruithe rialachais chorparáide deachleachtas bunaithe

GNÍOMH 3: SEIRBHÍS DEN SCOTH A SHOLÁTHAR DO GACH CUSTAIMÉIR

3.1 Forbairt agus feidhmiú a dhéanamh ar Phlean Ghnímh Seirbhísí Custaiméirí

3.2 Iniúchadh a dhéanamh ar gach próiseas feidhmiúcháin chun cur le leas an úsáideora

3.3 Forbairt a dhéanamh ar straitéis cumarsáide le bainistiú agus feabhsú a dhéanamh ar chumarsáid agus comhchomhairle sheachtrach

FÍS, TOSAÍOCHTAÍ AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

GNÍOMH 4: ÉIFEACHTACHT AGUS ÉIFEACHTÚLACHT ÚSÁID ACMHAINNÍ A CHINNTIÚ

4.1 Forbairt agus feidhmiú a dhéanamh ar straitéis IT le méadú a dhéanamh ar úsáid theicneolaíocht nua le feabhas a chur ar sheachadadh éifeachtach agus éifeachtúil ár gcuid seirbhísí

4.2 Feabhas a chur ar phróisis déanta cinntí airgeadais trí lárfheidhmiú a dhéanamh ar Chreat Oibre Eolais Bainistíochta (MIF)

SEO A LEANAS NA PRÍOMHTHORTHAÍ A AITHNÍODH Ó THAOBH AN TOSAÍOCHT SIN A BHAINT AMACH:

- Soláthróidh NCSE seirbhís den scoth chuig a chuid custaiméirí agus geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha
- Beidh na struchtúir, na foirne agus na hinniúlachtaí ag NCSE a bheadh riachtanach lena ról agus lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.
- Beidh an t-infrastruchtúr (ICTanna, cóiríocht, córais agus nósanna imeachta) ag NCSE lena ról agus lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.
- Beidh an NCSE ag comhlíonadh go hiomlán gach oibleagáid rialála agus reachtúil mar chomhlacht reachtúil ag feidhmiú san earnáil phoiblí.
- Déanfaidh an NCSE cumarsáid go héifeachtach agus ar bhealach a chomhlíonann riachtanais a phobal geallsealbhóra leathan.
- Cinnteoidh an NCSE go gcuirfeadh sé luach ar airgead ar fáil agus a sheirbhísí á seachadadh

CAIBIDIL 4

PRÍOMH-THÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Is príomh-chomhchuid de na struchtúir tuairiscithe iad táscairí feidhmíochta le freastal a dhéanamh ar riachtanais cuntasachta, rialachais agus bainistíochta.

TOSAÍOCHT 1

Éascú a dhéanamh do leanaí le SEN le hoideachas cuí a fháil i suíomh uilechuimsitheach mar atá leagtha amach in Alt 2 d'Acht EPSEN 2004.	Déiléalfar le 80% de na hiarratais ar acmhainní breise do leanaí le SEN laistigh de 6 seachtaine tar éis na hiarratais chomhlánta a fháil. . Déanfar riachtanais socrúcháin leanaí a aithint 6 mhí ar a laghad roimh an socrúchán riachtanach

TOSAÍOCHT 2

Aithint agus deimhniú clár oideachas cuí do leanaí le SEN a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí.	Bunófar caidrimh oibre struchtúrtha le príomhgeallsealbhóirí mar NCCA, NQAI, SEC, Scoileanna agus Grúpaí Tuismitheoirí a bheidh dírithe ar chláir oideachais chuí a fhorbhairt agus díreofar ar thorthaí do leanaí le riachtanais speisialta oideachais. Cuirfear eolas ar sholáthar agus ar chláir SEN ar fáil do na geallsealbhóirí ar fad go rialta trí mhodhanna éagsúla.

TOSAÍOCHT 3

Comhordú a dhéanamh ar sholáthar tacaíochtaí le seachadadh oideachas uilechuimsitheach agus éifeachtach do leanaí le SEN a chumasú.	Cumarsáid éifeachtach agus caidrimh oibre ag feidhmiú idir NCSE agus DES, NEPS agus an SESS. Bunófar prótacail agus treoirlínte feidhmithe lena n-áirítear comhaontuithe ag leibhéal seirbhíse idir HSE agus NCSE.

PRÍOMH-THÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

TOSAÍOCHT 4

Feabhas a chur ar sholáthar oideachais do leanaí le SEN trí thaighde ar ardchaighdeán agus comhairle polasaí ar cheisteanna SEN.

Beidh cláir thaighde NCSE ag cur eolais ar fáil do dhéanamh polasaí maidir le soláthar oideachas speisialta agus beidh tionchar acu ar chleachtais sna scoileanna.

TOSAÍOCHT 5

A chinntiú go mbeidh NCSE á fhorbairt agus á chothabháil mar eagraíocht éifeachtach agus go bhfeidhmeoidh sé ar bhealach a chomhlíonann go hiomlán gach ceanglas rialachais reachtúil agus rialála.

Aithnítear go gcuidíonn NCSE go héifeacht le múnlú polasaí oideachais speisialta agus le seirbhísí tacaíochta a sheachadadh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Athbhreithnithe rialta ar chórais agus ar nósanna imeachta lena chinntiú go mbeidh an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht is mó agus an luach is fearr ar airgead á mbaint amach laistigh den NCSE.